Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Márta 2025 (OR. en)**

**6934/25**

**ENV 140**
**CLIMA 64**
**COMPET 141**
**IND 69**
**FIN 287**
**ENER 67**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6515/25 |
| Ábhar: | Gné chomhshaoil an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan<br>– Seisiún tuairimíochta |

1. Chun an seisiún tuairimíochta maidir leis an ábhar thuasluaite ag cruinniú na Comhairle (Comhshaol) an 27 Márta 2025 a threorú, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta agus na ceisteanna atá i gceangal leis seo do na hairí.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh an tseisiúin tuairimíochta.

**IARSCRÍBHINN**

**Gné chomhshaoil an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan**

**- Seisiún tuairimíochta -**

**Réamhrá**

Sna conclúidí uaithi i mí Aibreáin 2024[1], d'iarr an Chomhairle Eorpach go mbeadh comhaontú nua ann maidir le hiomaíochas na hEorpa. Athdhearbhaíodh an iarraidh sin i nDearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa, a ghlac ceannairí an Aontais i mí na Samhna 2024. I gcomhréir le Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029 agus bunaithe ar thorthaí na dtuarascálacha ó Enrico Letta agus Mario Draghi, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an 29 Eanáir 2025 an Teachtaireacht uaidh 'Compás Iomaíochais don Aontas'[2]. Leagtar amach sa Teachtaireacht raon tionscnamh arb é is aidhm dóibh an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, treochlár comhpháirteach a fhorbairt don dícharbónú agus don iomaíochas agus le haghaidh spleáchais iomarcacha a laghdú agus neamhspleáchas fuinnimh agus slándáil eacnamaíoch a mhéadú.

Tá an Teachtaireacht 'An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú'[3], a d'fhoilsigh an Coimisiún an 26 Feabhra 2025, ar cheann de na tionscnaimh shuaitheanta a liostaítear sa Chompás Iomaíochais. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan an tAontas a shuí mar mhol iomaíoch tarraingteach don mhonaraíocht trí theicneolaíochtaí glana agus samhlacha gnó ciorclacha a chur chun cinn.

**Plean comhpháirteach don dícharbónú agus don iomaíochas**

I ré seo an teannais gheopholaitiúil atá ag dul i méid, an fháis eacnamaíoch mhall agus na hiomaíochta teicneolaíche, ní mór don Aontas, mar ábhar práinne, cás láidir gnó a chur faoi bhráid a lucht tionscail le haghaidh infheistíochtaí sa dícharbónú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hearnála teicneolaíochta glaine agus na dtionscal dianfhuinnimh. Ní mór creat intuartha do thionscail lena n-áiritheofar a n-iomaíochas agus lena neartófar athléimneacht eacnamaíoch a bheith ag gabháil le sprioc an Aontais a bheith ina gheilleagar aeráidneodrach faoi 2050.

[1] EUCO 12/24.
[2] 5785/25.
[3] 6515/25.

Leagtar amach sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan gníomhaíochtaí chun an dícharbónú a iompú ina spreagadh don fhás i dtionscail na hEorpa trína áirithiú go ndéanfar é a chomhtháthú go láidir le beartais thionsclaíocha, iomaíochta, eacnamaíocha agus trádála. D'fhonn cás gnó a thógáil, sainaithníodh sé spreagadh ar a bhfuil fuinneamh inacmhainne, príomh-mhargaí, maoiniú agus ciorclaíocht ábhar agus rochtain orthu, margaí domhanda, agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus scileanna.

Maidir le rochtain ar **fhuinneamh inacmhainne** agus ag tógáil ar an bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne[4], leagtar béim sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, *inter alia*, ar a thábhachtaí atá leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite, comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus conarthaí difríochta a chur chun cinn, agus béim leanúnach a leagan ar deonú ceadanna, lena n-áirítear sa tionscal.

Chun **príomh-mhargaí láidre** a chruthú do theicneolaíochtaí glana Eorpacha agus do tháirgí dícharbónaithe, tá gá le bearta nithiúla ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh araon. Is féidir le bainistiú carbóin tionsclaíoch cuidiú le próisis táirgthe a dhícharbónú in earnálacha tionsclaíocha atá tábhachtach do gheilleagar na hEorpa, agus iarrachtaí dícharbónaithe eile á gcomhlánú. Tá roinnt beartas i bhfeidhm ag an Aontas cheana féin chun tacú le gabháil $CO_2$, lena n-áirítear faoin Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí[5] agus faoi Threoir CCS[6]. Ina theannta sin, chun dlús a chur le tionscadail gabhála agus stórála carbóin, leagtar síos leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[7] cuspóir ar leibhéal an Aontais 50 milliún tona d'acmhainneacht bhliantúil stórála $CO_2$ a bhaint amach faoi 2030. Thairis sin, trí chritéir cháilíochta an Aontais a bhunú agus trí phróisis faireacháin agus tuairiscithe a leagan síos, meastar go ndreasófar infheistíocht i dteicneolaíochtaí nuálacha bainte carbóin le Rialachán ACFC[8]. Mar sin féin, beidh ar an Aontas dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí chun leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí tionsclaíocha aistrithe carbóin.

---

4 6601/25.

5 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

6 Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE agus 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

7 Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724, IO L 2024/1735, 28.6.2024.

8 Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí (IO L, 2024/3012, 6.12.2024).

Táthar ag súil go n-éascófar le cur chun feidhme na Straitéise um Bainistiú Carbóin Thionsclaíoch[9] forbairt **margaidh le haghaidh carbón gafa agus aistrithe carbóin buana** agus go dtacófar le húsáid carbóin ghafa i raon níos leithne táirgí. Leis an nGníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch atá ar na bacáin, molfar lipéad deonach maidir le déine carbóin táirgí tionsclaíocha le haghaidh táirgí tionsclaíocha, ag tosú le cruach. In éineacht leis an athbhreithniú ar an gCreat um Sholáthar Phoiblí, molfar critéir shonracha freisin arb é is aidhm dóibh éileamh an mhargaidh ar tháirgí dícharbónaithe a bhfuil critéir tosaíochta Eorpaí acu a mhéadú. Cuirfidh an Coimisiún tús freisin leis an obair ar **mhodheolaíochtaí cuntasaíochta carbóin** a shimpliú agus a chomhchuibhiú chun tacú le táirgí glana a fhorbairt.

Tá gá le **hinfheistíocht shuntasach** chun an t-aistriú glan a bhaint amach, agus sa bhreis ar mhaoiniú ó fhoinsí poiblí, beidh sé ríthábhachtach caipiteal príobháideach a shlógadh. Molfaidh an Coimisiún Banc um Dhícharbónú Tionsclaíoch a bhunú arb é is aidhm dó EUR 100 billiún a shlógadh, bunaithe ar chistiú ó acmhainní an Chiste don Nuálaíocht atá ann cheana agus ar ioncam breise ó chodanna de CTA, agus arna ghiaráil freisin ó InvestEU agus ó acmhainní deonacha na mBallstát. Beidh sé bunaithe ar roghnú iomaíoch, lena n-áirítear trí chonarthaí difríochta carbóin, agus dáileadh cothrom tacaíochta ar fud na mBallstát á áirithiú ag an am céanna.

Tá sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) éifeachtach ríthábhachtach chun **tionscail an Aontais a chumhdaítear le CTA AE a chosaint** ar iomaíocht éagórach agus chun **cothrom iomaíochta domhanda** a áirithiú agus **praghsáil carbóin dhomhanda á dhreasú** ag an am céanna. Tar éis an togra le haghaidh Rialachán lena simplítear agus lena neartaítear an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha[10], déanfar athbhreithniú cuimsitheach ina dhiaidh sin in 2025 ar fheidhmiú SCCT, lena mheas ar cheart é a leathnú chuig earnálacha breise agus táirgí iartheachtacha breise agus lena mbreithneofar saincheist an sceite carbóin in earraí onnmhairithe.

Chun cuspóir an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan i ndáil le dícharbónú a bhaint amach agus iomaíochas a neartú ag an am céanna, ní mór **intuarthacht rialála** a áirithiú **do thionscail**. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas a áirithiú go ndéanfar ionstraimí comhshaoil, rialacha comhshaoil agus maoiniú comhshaoil a dhearadh go maith agus a athbhreithniú go maith ar bhealach atá intuartha do thionscail na hEorpa, chun infheistíochtaí a chosaint agus pleanáil ghnó fhadtéarmach a chumasú.

---

[9] 6306/24.
[10] 6609/25.

**Ciorclaíocht i gcroílár an dícharbónaithe**

Ní hamháin go mbaineann tairbhí comhshaoil leis an **aistriú chuig geilleagar ciorclach** agus go dtacaíonn sé leis an dícharbónú, ach is féidir leis freisin **spleáchas an Aontais** ar sholáthróirí seachtracha amhábhar **a laghdú** agus feabhas a chur ar inacmhainneacht agus inrochtaineacht ábhar fíor-riachtanach. Tá earnáil na hathchúrsála agus na hathmhonaraíochta san Eoraip ag fás go tapa: meastar go dtiocfaidh méadú ar acmhainneacht chiorclach mhargadh athmhonaraíochta na hEorpa ón luach EUR 31 bhilliún a bhí air in 2022 go EUR 100 billiún faoi 2030 sa chaoi go gcruthófar 500 000 post nua.

Cuireadh **creat rialála leathan i bhfeidhm le déanaí** chun borradh a chur faoin gciorclaíocht agus chun bainistiú dramhaíola mar acmhainn san Eoraip a éascú. Is é is aidhm don Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe[11] feabhas a chur ar chiorclaíocht, feidhmíocht fuinnimh, in-athchúrsáilteacht agus marthanacht táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais trí cheanglais éicidhearthóireachta a leagan síos, le haghaidh gach táirge fisicigh, nach mór. Ina theannta sin, le reachtaíocht a bhaineann go sonrach le táirgí le déanaí, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Ceallraí[12] agus an Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht[13], leagadh síos spriocanna éigeantacha maidir le hábhar athchúrsáilte le haghaidh ábhair éagsúla agus, ag an am céanna, a áirithiú go bhfuil na táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais an-in-athchúrsáilte. Ar deireadh, tá bearta sa Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla[14] chun feabhas a chur ar bhailiú agus athchúrsáil dramhaíola atá lán d’amhábhair chriticiúla. Comhlánaítear é sin leis an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola[15], arb é is aidhm dó iompar dramhaíola atá le hathchúrsáil san Aontas a éascú go suntasach agus srian a chur ag an am céanna le honnmhairiú dramhaíola lasmuigh de ECFE chun caillteanas ábhar tánaisteach luachmhar a chosc.

---

[11] Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE.

[12] Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE.

[13] Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE.

[14] Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020.

[15] Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006.

Mar sin féin, tá **scrogaill sna margaí le haghaidh táirgí agus ábhair chiorclacha** fós ag cur isteach ar an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach. Is gá, dá bhrí sin, an margadh a spreagadh trí bhorradh a chur faoin soláthar ábhar athchúrsáilte ar ardchaighdeán agus faoin éileamh ar amhábhair thánaisteacha araon. Molann an Coimisiún, sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin trí mheascán de bhearta reachtacha – Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach a ghlacadh – agus tionscnaimh eile mar shampla Lárionad Amhábhar Criticiúil agus Moil Thrasréigiúnacha don Chiorclaíocht a bhunú.

**Ceisteanna ar na hairí:**

– An gceapann tú gur féidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do thionscail an Aontais chun leanúint de bheith iomaíoch agus aistriú chuig glan-nialasacht? An dóigh leat tú go mbeidh gá le haon ghníomhartha eile?

– Cén chaoi, dar leat, a rannchuidíonn an Ciste don Nuálaíocht agus an Banc um Dhícharbónú Tionsclaíoch atá beartaithe leis na cuspóirí sin?

– Cad iad na dúshláin agus na bacainní atá fós ann agus an bealach á réiteach do gheilleagar ciorclach Eorpach? An bhfuil bearnaí sa reachtaíocht ar cheart aghaidh a thabhairt orthu chun athúsáid, athmhonarú agus athchúrsáil a mhéadú, agus chun margadh rathúil a chruthú do tháirgí tánaisteacha agus d’ábhair thánaisteacha?